Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 37

# Coimirce Shóisialach

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta Vóta 37, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, ar sheirbhísí áirithe a bhí riartha ag an Oifig sin agus ar íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh agus ar dheontais áirithe.

Rinne an tAcht um Leas Sóisialach agus um Phinsin 2010 soláthar d'aistriú feidhmeanna áirithe don Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn). Aistríodh freagracht mhaoinithe do chláir fhostaíochta FÁS agus do chostais riaracháin ghaolmhara ón Roinn Oideachais agus Scileanna chuig an Roinn ó 1 Eanáir 2011. Aistríodh gach ceart, sócmhainn agus dliteanas a bhaineann lena leithéid d'fheidhmeanna ó FÁS chuig an Roinn ar 1 Eanáir 2012.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta, chomh maith leis na nótaí 1 go dtí 6.

I 2012, athraíodh leagan amach mheastachán athbhreithnithe na suimeanna a dheontar ag Dáil Éireann leis an gcaiteachas a léiriú de réir cláir, agus ansin caiteachas cláir de réir fotheidil. D'éiligh sin grúpáil an chaiteachais de réir an chláir. Leanann an cuntas leagan amach athbhreithnithe na meastachán. Rinneadh an caiteachas comparáideach do 2011 a choigeartú freisin.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a chruthú i bhfeidhm agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid:

***Aitheantas na nÍocaíochtaí***

Is é atá in íocaíochtaí ná na suimeanna sin a thagann i gcúrsa íocaíochta le linn na bliana. Meastar suimeanna a bheith tagtha i gcúrsa íocaíochta nuair a tabhaíodh an dliteanas, nuair a bhíonn an íocaíocht dlite agus nuair a cuireadh an treoir don íocaíocht i gcrích (seic nó ríomhaistriú airgid) ar an gcóras íocaíochta ábhartha. Aithnítear íocaíochtaí leasa airgid thirim a dhéantar tríd an bPost tar éis a n-íocaíochta amach. Is féidir go n-eascróidh tiontú ina airgead roimh théarma in Oifigí Poist ag deireadh na bliana. Nuair a bhaineann a leithéid d'íocaíochtaí leis an mbliain ina dhiaidh sin aithnítear iad mar réamhíocaíocht.

***Ionramháil na ró-íocaíochtaí a gnóthaíodh***

Tugtar gnóthú na bhfiach maidir le ró-íocaíochtaí scéime ginearálta chun cuntais mar seo a leanas:

- Tugtar fiacha a ghnóthaítear trí mheán fháil airgid chun cuntais ar bhonn na bhfáltas airgid.
- Déantar fiacha a ghnóthaítear trí mheán asbhaint ó theidlíochtaí scéime a fhritháireamh le hais caiteachais scéime ag dáta na hasbhainte

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tar éis aithint, le linn iniúchadh 2012, easnamh maidir le réiteach chláir shócmhainne na Roinne leis na méideanna atá taifeadta sa chuntas leithreasa, cuireadh gnáthaimh i bhfeidhm i 2013 le réiteach bliantúil a chur i gcrích de mhéideanna iomlána rialaithe idir na cláir shócmhainne agus an cuntas leithreasa reachtúil a chuirtear i láthair lena iniúchadh. Leasaíodh cuntas leithreasa 2012 chun cuntas a thabhairt ar choigeartuithe na bliana roimhe agus cuireadh mo chuid oifigeach atá freagrach as réiteach agus as cothabháil na gclár sócmhainne, cuireadh ar an eolas iad maidir leis na riachtanais chuntasaíochta leis an gclár a choimeád lánréitithe.

Faoi mar a nochtaíodh i Nóta 6.5 den chuntas, tharla ceithre chás ina raibh mí-leithghabháil amhrasta i gceist ag fostaithe de chuid na Roinne. Mar fhreagra ar na cásanna sin, tá roinnt beart curtha i bhfeidhm ag an Roinn, na cinn atá luaite thíos san áireamh, le rialuithe inmheánacha a threisiú tuilleadh, ag laghdú ar an gcaoi sin an baol go ndéanfaí mí-leithghabháil airgeadais inmheánach:

- Tugadh rialuithe feabhsaithe isteach do ghnáthaimh aisíoctha airgid i Mí Dheireadh Fómhair 2012 sa líonra oifige áitiúla/brainse.
- Eisíodh beartas agus gnáthaimh nua chaimiléireachta inmheánaí i Mí na Bealtaine 2013. Tá iachall ar gach ball foirne fógra a shíniú go bhfuil an beartas agus na gnáthaimh léite agus tuigthe acu.
- I 2013, tá deichniúr breise de bhaill fhoirne á sannadh d’Aonad Tacaíochta Rialaithe Inmheánaigh (ATRI) na Roinne. Cuirfidh sin toilleadh feabhsaithe ar fáil le hiniúchtaí a chur i gcrích agus le feasacht rialaithe inmheánaigh a mhéadú ar fud na Roinne.
- I 2013, tugadh monatóireacht níos déine isteach ar iniúchtaí bainistithe áitiúil ag ATRI.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais,
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí,
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach,
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha,
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC,
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta,
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn/Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Niamh O'Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

24 Meán Fómhair 2013

## Comptroller and Auditor General
## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Vóta 37 Coimirce Shóisialach

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

**Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta**

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa

**Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

**Scóip an iniúchta**

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

**Tuairim faoin gcuntas leithghabhála**

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Coimirce Shóisialach. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Rialtacht an chaiteachais**

Baineann Caibidil 17 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 le híocaíochtaí leasa teidlíochta sáraithe atá san áireamh i gcuntas 2012 do Vóta 37. Is é mo thuairim go bhfuil an leibhéal measta íocaíochta neamhrialta ábhartha. .

Dírím aird freisin ar an ráiteas rialaithe airgeadais inmheánaigh a nochtann freagra na Roinne ar chásanna mí-leithghabhála amhrasta ag fostaithe de chuid na Roinne.

**Tuairisciú ar nithe a eascraíonn as iniúchadh**

aibidlí iniúchta 16, 18 agus 19 faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 do nithe áirithe eile a bhaineann le Vóta 37.

**Seamus MacCártaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

27 Méan Fomhair 2013

# Vote 37 Coimirce Shóisialach

# Cuntas Leithreasa 2012

| | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | |
| **Seirbhísí, Riarachán Cúnaimh Shóisialta agus Íocaíocht don Chiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| Riarachán[1] | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 499,653 | | | |
| | *Forlíontach* | (11,600) | 488,053 | 476,000 | 432,639 |
| Pinsin | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 967,100 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,000) | 963,100 | 963,211 | 971,769 |
| Aois oibre – forlíonadh ioncaim | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 4,268,684 | | | |
| | *Forlíontach* | 280,200 | 4,548,884 | 4,532,929 | 4,509,686 |
| Aois oibre – tacaíochtaí fostaíochta | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 969,853 | | | |
| | *Forlíontach* | (12,200) | 957,653 | 951,918 | 903,258 |
| Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí[2] | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,850,353 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,600 | 1,855,953 | 1,851,521 | 1,842,311 |
| Leanaí[2] | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 2,381,858 | | | |
| | *Forlíontach* | 200 | 2,382,058 | 2,376,547 | 2,412,169 |
| Íocaíochtaí forlíontacha | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 883,389 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,400 | 888,789 | 890,454 | 1,018,163 |
| Fóirdheontas don Chiste Árachais Shóisialaigh | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,816,009 | | | |
| | *Forlíontach* | 417,900 | 2,233,909 | 2,084,009 | 1,460,362 |

[1] Ní chuimsíonn figiúr 2011 caiteachas riaracháin le haghaidh iarscéimeanna FÁS a iompraíodh faoi roinnt fotheideal do Thacaí Aoise Fostaíochta – Fostaíochta. I 2012 iompraítear caiteachas riaracháin do FÁS anois faoi fhotheideal A.1 agus A.2.

[2] Cuimsíonn caiteachas Liúntais Mhíchumais agus Sochair Linbh fáltais AE de €341,273 (€223,440 agus €117,834 faoi seach). Mínítear fáltais AE ag glanadh le hais an chaiteachais.

| | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas comhlán** | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 13,636,899 | | | |
| *Forlíontach* | 681,500 | | | |
| | | **14,318,399** | **14,126,589** | **13,550,357** |
| ***Bain*** | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 238,964 | | | |
| *Forlíontach* | (3,500) | | | |
| | | **235,464** | **244,824** | **232,753** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 13,397,935 | | | |
| *Forlíontach* | 685,000 | | | |
| | | **14,082,935** | **13,881,765** | **13,317,604** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 201,170,217 | 109,807,760 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | (1,050,000) | — |
| Farasbarr le tabhairt suas | 200,120,217 | 109,807,760 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**[1]

| | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i. Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 308,439 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,800) | 305,639 | 303,369 | 297,936 |
| ii. Taisteal agus cothú | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 6,591 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,591) | 5,000 | 5,088 | 3,110 |
| iii. Oiliúint, forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 16,395 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,000 | 19,395 | 14,489 | 6,907 |
| iv. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 22,253 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,081) | 21,172 | 21,690 | 19,393 |
| v. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 30,678 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,050) | 26,628 | 25,413 | 26,423 |
| vi. Costais áitreabh oifige | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 25,458 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,158) | 23,300 | 18,548 | 10,979 |
| vii. Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus polasaí | | | 1,331 | 1,085 | 893 |
| viii. Íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 81,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,630 | 83,630 | 83,358 | 65,656 |
| ix. Tionscadail bhainteacha ríomhrialtais | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 7,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,550) | 1,950 | 2,938 | 1,342 |
| x. Uachtaránacht an AE | | | 8 | 22 | — |
| **Iomlán an chaiteachais riaracháin** | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 499,653 | | | |
| | *Forlíontach* | (11,600) | | | |
| | | | **488,053** | **476,000** | **432,639** |

[1] Ní chuimsíonn toradh 2011 caiteachas riaracháin d'iarscéimeanna FÁS a iompraítear anois faoi fhotheidil A.1 agus A.2.

# Nótaí ag gabháil leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 13,650,589 | 13,117,718 |
| Pá | | 303,369 | 297,936 |
| Neamhphá | | 172,631 | 134,703 |
| **Caiteachas comhlán** | | **14,126,589** | **13,550,357** |
| *Bain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **244,824** | **232,753** |
| **Glanchaiteachas** | | **13,881,765** | **13,317,604** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim ceannachán | (9,747) | | |
| Dímheas | 15,287 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 2 | 5,542 | 6,024 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (2,555) | (5,925) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar Fhabhrú Deiridh | 3,584 | | |
| Laghdú ar Stoc | 170 | | |
| | | 3,754 | (826) |
| **Caiteachas díreach** | | **13,888,506** | **13,316,877** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 36,187 | 39,402 |
| Measchíosanna | | 10,985 | 10,393 |
| **Costas oibriúcháin iomlán** | | **13,935,678** | **13,366,672** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Cuimsíonn glanmhéid chaiteachas na seirbhísí gaolmhara na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 37 a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 28,054 | 23,645 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 8,128 | 15,501 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | — | 66 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | 5 | 190 |
| | 36,187 | 39,402 |

## 2 An Clár Comhordaithe amhail ar 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.3 | 50,507 | 49,466 |
| **Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt** | 2.4 | 13,364 | 19,880 |
| | | **63,871** | **69,346** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.6 | 539 | 709 |
| Réamhíocaíochtaí[1] | | 50,866 | 2,119 |
| Cuntas fionraí an Chiste Árachais Shóisialaigh[2] | | 129,790 | 308,800 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.7 | 38,625 | 20,373 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **219,820** | **332,001** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 76,729 | 293,390 |
| Costais fhabhraithe[1] | | 67,564 | 15,216 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.8 | 15,574 | 22,048 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 76,112 | 13,735 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **235,979** | **344,389** |
| **(Glandliteanais) reatha** | | (16,159) | (12,388) |
| **Glansócmhainní** | | **47,712** | **56,958** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniúchán Stáit** | 2.1 | **47,712** | **56,958** |

[1] Tá an méadú ó thaobh fabhruithe agus réamhíocaíochtaí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 i gcomparáid le 31 Nollaig 2011 inchurtha den chuid is mó i leith cur san áireamh fabhruithe agus réamhíocaíochtaí do scéimeanna Fostaíochta Pobail agus Tionscnaimh Jabanna.

[2] Tá i gceist leis seo réamhíocaíochtaí ó Vóta 37 do chuntas fionraí fóirdheontais an Chiste Árachais Shóisialaigh nár caitheadh faoi dheireadh na bliana.

| **2.1 Cuntas Maoiniúchán Stáit** | **Nóta** | **2012 €000** | **2011 €000** |
|---|---|---|---|
| Coigeartú[3] | | 56,958 | 55,895 |
| Maoiniú a tarraingíodh anuas | | (2,958) | — |
| Caiteachas nár bhain le hairgead tirim – Measchíos | 2.2 | 13,917,952 | 13,357,006 |
| Glan-aistriú sócmhainní seasta | 1 | 10,985 | 10,393 |
| Glan-aistriú shócmhainní FÁS | | — | 336 |
| Glanchostas an chláir | | 453 | — |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | 1 | (13,935,678) | (13,366,672) |
| Coigeartú[3] | | **47,712** | **56,958** |

[3] Is é atá i gcoigeartú ná an difríocht idir an glanmhéadú i sócmhainní caipitil de €2.567 milliún, glanlaghdú sa dímheas carntha de €0.514 milliún agus glanlaghdú sna sócmhainní caipitil i mbun forbartha de €5.011 milliún.

## 2.2 Maoiniú a tarraingíodh anuas

| | Nóta | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí Amach ón Vóta | | | |
| Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Cuntas | 14,082,935 | 13,427,412 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | Cuntas | (1,050) | — |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (200,120) | (109,808) |
| | | 13,881,765 | 13,317,604 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | 36,187 | 39,402 |
| **Iomlán an mhaoinithe a tarraingíodh anuas** | | **13,917,952** | **13,357,006** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní comhlána** | | | |
| Costas nó luacháil ar 1 Eanáir 2012 | 266,595 | 31,830 | 298,425 |
| Coigeartú [1] | 2,567 | — | 2,567 |
| Sócmhainní a aistríodh ó FÁS | 5,599 | — | 5,599 |
| Breiseanna | 12,900 | 924 | 13,824 |
| Diúscairtí | (98) | (2) | (100) |
| Costas nó luacháil ar 31 Nollaig 2012 | 287,563 | 32,752 | 320,315 |
| | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar 1 Eanáir 2012 | 223,857 | 25,102 | 248,959 |
| Coigeartú[1] | 514 | — | 514 |
| Sócmhainní a aistríodh ó FÁS | 5,146 | — | 5,146 |
| Dímheas na bliana | 13,838 | 1,449 | 15,287 |
| Dímheas ar dhiúscairt | (96) | (2) | (98) |
| Dímheas carnach ar 31 Nollaig 2012 | 243,259 | 26,549 | 269,808 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2012** | 44,304 | 6,203 | 50,507 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2011** | 42,738 | 6,728 | 49,466 |

[1] Eascraíonn coigeartuithe ó:

- Shócmhainní caipitil i mbun forbartha a cuireadh i gcrích i 2010 ach nár aistríodh chuig clár na sócmhainní (costas €10.9 milliún agus dímheas carntha €2.2 milliún).
- Ráiteas iomarcach faoi €8.3 milliún de chostas na sócmhainní agus faoi €1.7 milliún den dímheas carntha.

## 2.4 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

| ag 31 Nollaig 2012 | Ríomhchláir Intí |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir 2012 | 19,880 |
| Coigeartú[1] | (5,011) |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain[2] | 2,555 |
| Aistrithe go dtí clár na sócmhainní | (4,060) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 2012 | 13,364 |

[1] Eascraíonn coigeartuithe ó:

- Laghdú de €10.9 milliún maidir le sócmhainní a cuireadh i gcrích i 2010 ach nár aistríodh chuig clár na sócmhainní ag an am sin
- Méadú de €5.9 milliún maidir le sócmhainní a aistríodh chuig clár na sócmhainní i 2010 agus i 2011 ach fágadh ar lár ó íocaíochtaí airgid thirim i 2010 agus i 2011.

[2] Ní chuimsíonn íocaíochtaí airgid thirim bogearraí a forbraíodh go hinmheánach a dhéantar a fhorbairt go hiomlán le linn na bliana.

## 2.5 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig 2012 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag An Post | 157,020 | 10,918 |
| Iarmhéid PMG | (364,601) | (424,308) |
| Banc agus airgead tirim eile | 131,001 | 120,719 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (149) | (719) |
| | (76,729) | (293,390) |

### *Iarmhéid ag An Post*

Déantar cuntais de chuid An Phoist a réamh-mhaoiniú ag Vóta 37 agus ag an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) le freastal a dhéanamh ar dhliteanais caiteachais na Roinne agus iad a bheith dlite. Ag deireadh 2012, ba é an comhiarmhéid a bhí ag An bPost maidir le CAS agus Vóta 37 ná €184,131,631. Ba é an t-iarmhéid comhfhreagrach ag deireadh 2011 ná €166,175,440.

Le linn 2012 baineadh réiteach amach leis An bPost maidir le pá-orduithe pearsanta (POP) a cailleadh agus iad faoi bhealach go stairiúil agus dearbháin íocaíochta láimhe (DÍL) ar iarraidh. Ba í an tsuim iomlán a comhaontaíodh mar chuid den réiteach ná €2,812,473, mar ar tarscaoileadh a bhfiach de €1,432,703 ag An bPost do chomain Roinne de €1,379,770. Faomhadh an réiteach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar 14 Samhain 2012.

Mar thoradh ar an réiteach thuasluaite, dúnadh seacht gcinn déag de chuntais POP leis An bPost a bhí díomhaoin ar luach iomlán (€68,546). Aistríodh an glaniarmhéid a bhí fágtha a bhí ag gabháil don Roinn de réir An Phoist, €19,143, aistríodh sin chuig cuntas gníomhach aistrithe faisnéise leictreonaigh (AFL). Nuair a dúnadh an cuntas, gan tabhairt aon chomaoine, laghdú aon uaire CÁS agus caiteachas Vóta 37 de €32,842 agus €54,847 faoi seach. Bhí an dúnadh faoi réir ag faomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar 26 Márta 2013.

## 2.6 Stoic

| ag 31 Nollaig 2012 | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 521 | 703 |
| Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 18 | 6 |
| | 539 | 709 |

## 2.7 Iarmhéideanna Eile Dochair

| ag 31 Nollaig 2012 | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Airleacain do An Post le haghaidh caiteachas postais | 1,014 | 1,026 |
| Airleacain do OOP le haghaidh troscán oifige, foirgnimh agus obair leictreach | 5,707 | 887 |
| Fionraí Ardán Comhréitigh Íocaíochtaí agus Gníomhaireachtaí | 57 | 57 |
| Réamhíocaíocht trí mheán An Phoist | 23,093 | 11,575 |
| Míreannaeile dochair atá ar fionraí | 7,285 | 4,837 |
| Dlite ón gCiste Árachais Shóisialta maidir le scéimeanna CÁS | 1,469 | 1,991 |
| | 38,625 | 20,373 |

## 2.8 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa

| ag 31 Nollaig 2012 | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 2,776 | 2,667 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais | 659 | 567 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 1,777 | 1,637 |
| Cáin Bhreisluacha Interstat | 65 | 31 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 142 | 507 |
| Fáltais bhreise Státchiste | 1 | 54 |
| | 5,420 | 5,463 |
| Asbhaintí párolla | 2,843 | 2,857 |
| Dlite go CÁS maidir le scéimeanna Vóta | 6,306 | 12,591 |
| Nithe sochair fionraí eile | 1,005 | 1,137 |
| | 15,574 | 22,048 |

### 2.9 Glandliteanas ar an Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 200,120 | 109,808 |
| Deferred surrender | 1,050 | — |
| | 201,170 | 109,808 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (125,058) | (96,073) |
| Glandliteanas ar an Státchiste | 76,112 | 13,735 |

**Léirithe ag:**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 168,415 | 329,173 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (76,729) | (293,390) |
| Dlite don Stát | (5,420) | (5,463) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (10,154) | (16,585) |
| | (92,303) | (315,438) |
| | 76,112 | 13,735 |

### 2.10 Gealltanais

| ag 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na ngealltanas atá infhorghníomhaithe le dlí | 32,370 | 30,504 |

**Gealltanais Chaipitil Ilbhliantúla**

| Tionscadal | Caiteachas i rith 2011 | Caiteachas i rith 2012 | Blianta ina dhiaidh sin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| | 2,873 | 2,877 | 22,047 | 27,797 |

### 2.11 Dliteanais aibithe

Ba é líon iomlán na ndliteanas aibithe neamhscaoilte ag 31 Nollaig 2012 ná €87,037.

### 2.12 Dliteanais Teagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh ar féidir go ndéanfaidh siad dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon suim iarbhír nó ionú na n-ábhar dliteanais neamhchinnte.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteidil

**A Seirbhísí, Riarachán Cúnaimh Shóisialta agus Íocaíocht don Chiste Árachais Shóisialaigh**

| | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 308,439 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,800) | 305,639 | 303,369 | 247,664 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 191,214 | | | |
| | *Forlíontach* | (8,800) | 182,414 | 172,631 | 134,703 |
| A.3 | Riarachán - seirbhís leasa pobail[1] | | — | — | 50,272 |
| A.4 | Riarachán – FÁS[1] | | — | — | — |
| **Pinsin** | | | | | |
| A.5 | Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 967,100 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,000) | 963,100 | 963,211 | 971,769 |
| **Aois Oibre – Tacaí Ioncaim** | | | | | |
| A.6 | Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 2,796,782 | | | |
| | *Forlíontach* | 271,400 | 3,068,182 | 3,054,741 | 2,974,987 |
| A.7 | Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,062,990 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,500) | 1,059,490 | 1,057,753 | 1,088,897 |
| A.8 | Pinsean (Neamh-ranníocach) Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | | 17,710 | 17,670 | 18,173 |
| A.9 | Liúntas banchéile thréigthe | | 3,650 | 3,546 | 4,211 |
| A.10 | Íocaíochtaí Bunúsacha Liúntas Leasa Forlíontach | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 159,758 | | | |
| | *Forlíontach* | 20,800 | 180,558 | 180,291 | 174,393 |
| A.11 | Cúnamh Feirme | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 115,070 | | | |
| | *Forlíontach* | (7,000) | 108,070 | 108,170 | 113,724 |
| A.12 | Liúntas Réamhscoir | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 47,610 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,500) | 46,110 | 46,091 | 59,942 |
| A.13 | Aois Oibre Eile – tacaí ioncaim | | 65,114 | 64,667 | 75,359 |

| | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | | **Outturn** | **Outturn** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Aois Oibre – Tacaí Fostaíochta** | | | | | |
| A.14 | Clár Fostaíochta Pobail[1] | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 315,194 | | | |
| | *Forlíontach* | 20,000 | 335,194 | 330,399 | 349,396 |
| A.15 | Scéim Shóisialta Tuaithe | | 45,660 | 45,242 | 46,835 |
| A.16 | Tús – Scéim Socrúcháin Oibre Pobail | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 84,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (18,600) | 65,400 | 67,055 | 11,761 |
| A.17 | Tionscnamh Post | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 27,156 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,000) | 26,156 | 25,794 | 29,678 |
| A.18 | Clár Seirbhísí Pobail | | 45,400 | 45,390 | 45,452 |
| A.19 | Liúntas um Fhilleadh ar Obair | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 137,940 | | | |
| | *Forlíontach* | (10,900) | 127,040 | 127,203 | 114,582 |
| A.20 | An Scéim Náisiúnta Intéirneachta – JobBridge[1] | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 65,780 | | | |
| | *Forlíontach* | (11,200) | 54,580 | 54,739 | 7,914 |
| A.21 | An Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 183,021 | | | |
| | *Forlíontach* | 15,500 | 198,521 | 199,567 | 201,519 |
| A.22 | Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta[1] | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 65,702 | | | |
| | *Forlíontach* | (6,000) | 59,702 | 56,529 | 96,121 |
| **Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí** | | | | | |
| A.23 | Liúntas Míchumais | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,077,963 | | | |
| | *Forlíontach* | 15,200 | 1,093,163 | 1,087,513 | 1,089,178 |
| A.24 | Pinsean na nDall | | 15,540 | 15,747 | 15,624 |
| A.25 | Liúntas Cúramóra | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 520,470 | | | |
| | *Forlíontach* | (11,300) | 509,170 | 509,671 | 507,193 |
| A.26 | Liúntas Cúram Baile | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 104,190 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,600) | 102,590 | 102,237 | 99,924 |
| A.27 | Deontas Cúram Faoisimh | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 132,190 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,300 | 135,490 | 136,353 | 130,392 |

| | | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | 2012 Toradh | 2011 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Leanaí** | | | | | | |
| A.28 | Sochar Linbh | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 2,078,648 | | | |
| | | *Forlíontach* | (34,400) | 2,044,248 | 2,046,955 | 2,076,338 |
| A.29 | Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 199,460 | | | |
| | | *Forlíontach* | 32,600 | 232,060 | 223,608 | 204,543 |
| A.30 | Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 63,700 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,000 | 65,700 | 65,679 | 90,903 |
| A.31 | Scéimeanna Béilí Scoile | | | 35,000 | 35,005 | 34,975 |
| A.32 | Íocaíochtaí a Bhaineann le Leanaí | | | 5,050 | 5,300 | 5,410 |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha** | | | | | | |
| A.33 | Forlíonadh Cíosa | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 436,001 | | | |
| | | *Forlíontach* | (12,800) | 423,201 | 422,536 | 502,747 |
| A.34 | Forlíonadh Ús Morgáiste | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 50,880 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,900 | 55,780 | 55,082 | 67,849 |
| A.35 | Pacáiste Sochair Teaghlaigh | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 125,001 | | | |
| | | *Forlíontach* | 19,900 | 144,901 | 143,732 | 144,656 |
| A.36 | Saorthaisteal | | | 77,000 | 75,518 | 75,597 |
| A.37 | Liúntas Breosla | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 144,297 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,500) | 138,797 | 144,692 | 179,184 |
| A.38 | Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 46,843 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,100) | 45,743 | 45,743 | 45,114 |
| A.39 | Oifig Fhear an Phobail um Pinsin | | | 1,025 | 977 | 906 |
| A.40 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | | 2,342 | 2,174 | 2,110 |

| | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Fóirdheontas don Chiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| A.41 | Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,816,009 | | | |
| | *Forlíontach* | 417,900 | 2,233,909 | 2,084,009 | 1,460,362 |
| **Iomlán** | | | **14,318,399** | **14,126,589** | **13,550,357** |

[1] Iompraíodh caiteachas riaracháin FÁS 2011 d'iarscéimeanna FÁS (A.4) faoi roinnt fotheideal do Thacaí Aoise Fostaíochta – Fostaíochta. I 2012 iompraítear caiteachas riaracháin don Leas Pobail agus do FÁS faoi fhotheideal A.1 agus A.2 anois.

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Cláir €191.8m níos ísle ná mar atá soláthartha. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar na nithe seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Oiliúint, forbairt agus costais theagmhasacha (A.2.iii) | 4,906 | Rinneadh coigilteas suntasach ar oiliúint foirne, fógraíocht, glanadh, táillí dlí agus diúscairt dramhaíola. |
| Tionscadail bhainteacha ríomhrialtais (A.2.ix) | (988) | Ba é an bunBhuiséad ná €7.5 milliún. Laghdaíodh sin faoi €5.5 milliún sa Mheastachán Forlíontach ach rinneadh an caiteachas i Mí na Nollag 2012 a mheas faoina luach. De thoradh air sin sháraigh an caiteachas an tsuim a soláthraíodh. |
| Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta (A.22) | 3,173 | Scéimeanna éagsúla atá i gceist leis seo. Ba iad na réimsí ba mhó ina ndearnadh gannchaiteachas ná: Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla (€1,246k), Clár Fostaíochta faoi Thacaíocht (€736k), an Clár Gníomhachtaithe agus Tacaíochta Teaghlaigh (€490k) agus an Scéim Fhóirdheontais Phá (€380k). Mínítear athraitheas faoi na teidil seo go príomha trí mhoill ionaithe i dtaca le héilimh ó iarchláir FÁS agus iad ag teacht le haghaidh próiseála i 2012. Bíonn mórchuid na gclár bunaithe ar an éileamh agus bhí an glacadh mall ó cuireadh tús leis an gclár. In éineacht le leibhéal ard aistrithe rannpháirtithe chuir an méid sin leis an athraitheas. |
| Seirbhísí ilghnéitheacha (A.40) | 168 | Cuimsíonn sé seo roinnt scéimeanna éagsúla. Ba iad na príomhnithe gannchaiteachais ná: Liúntas Cíosa (dírialú reachtaíocht cíosanna) (€137k), Cuntais Dhíomhaoine - Faoi Mhíbhuntáiste Eacnamaíoch agus Shóisialta (€68k) agus Clár Gníomhaíochta Pobail an AE um Fhostaíocht agus Dlúthpháirtíocht Shóisialta (Dul Chun Cinn) 2007 go dtí 2013 (€75k). |
| Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (A.41) | 149,900 | Bhí an t-ioncam CÁS don bhliain níos airde ná mar a rinneadh a thuar don Mheastachán Forlíontach. Ullmhaíodh an Meastachán Forlíontach sular deimhníodh fáltais ÁSPC do dheireadh Mhí na Samhna. Bhí fáltais ÁSPC lag ó lár na bliana go Mí Dheireadh Fómhair agus ar an gcúis sin, chuir an Roinn meastachán coimeádach san áireamh d'fháltais ÁSPC do Mhí na Samhna agus do Mhí na Nollag. Bhí na fáltais iarbhíre i Mí na Samhna agus i Mí na Nollag níos airde ná iad siúd a cuireadh ar fáil sa Mheastachán Forlíontach. |

# 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | 2012 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Aisghabháil na gcostas riaracháin ón gCiste Árachais Shóisialaigh | | 177,280 | 177,600 | 177,080 |
| 2. | Aisghabhálacha ró-íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 16,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,500 | 17,500 | 21,477 | 23,320 |
| 3. | Aisíocaíocht ón gCiste Árachais Shóisialaigh i leith méideanna a íocadh ar dtús mar Chúnamh Sóisialach | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 14,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,800) | 9,200 | 9,256 | 11,829 |
| 4. | Fáltais faoi na forálacha i leith "Dliteanas um Theaghlach a Chothú" i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 | | 500 | 435 | 524 |
| 5. | Fáltais ó Oifig an Chláraitheora Ghinearálta | | 500 | 567 | 610 |
| 6. | Fáltais na gCuntas Díomhaoin | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 466 | | | |
| | *Forlíontach* | (450) | 16 | 191 | 274 |
| 7. | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa do ghníomhachtú agus do pháirtíocht na ndaoine faoi mhíchumas | | 15 | — | 160 |
| 8. | Fáltais ó asbhaint ó luach saothair na seirbhíse poiblí a bhaineann le pinsin | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 12,833 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,400 | 17,233 | 16,820 | 12,508 |
| 9. | Fáltais ó Chiste Solúbthachta Post Eorpach EURES | | 285 | 223 | — |
| 10. | Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 7,400 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,700) | 4,700 | 5,919 | — |
| 11. | Fáltais ón gCiste Eorpach Domhandaithe | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 400 | | | |
| | *Forlíontach* | 850 | 1,250 | 6,354 | 945 |
| 12. | Fáltais ón Roinn Sláinte – Tacaí an Tascfhórsa Drugaí (Clár Fostaíochta) | | 1,385 | 1,308 | — |
| 13. | Fáltais ón mBord Pinsean – aoisliúntas foirne | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 650 | | | |
| | *Forlíontach* | 700 | 1,350 | 861 | 714 |
| 14. | Ilghnéitheach | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 7,250 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,000) | 4,250 | 3,813 | 4,789 |
| **Iomlán** | | | **235,464** | **244,824** | **232,753** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach ceannteideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a measadh agus de bhreis is 5%.

| Ceannteideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Aisghabhálacha ró-íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh | (3,977) | Bhí gnóthú na ró-íocaíochtaí ó raon scéimeanna Cúnaimh Shóisialta níos airde ná mar a ndearnadh soláthar dó. Chuaigh na gnóthuithe ó íocaíochtaí Liúntais Chuardaitheora Phoist i méid faoi €1.4m i 2012, de réir mar a cuireadh asbhaintí i bhfeidhm do theidlíocht líon méadaithe féichiúnaithe a fhaigheann íocaíochtaí. D'éirigh níos fearr le hiarrachtaí iomlána gnóthaithe na Roinne i 2012 ná mar a d'éirigh leo i mblianta eile roimhe seo. Chuaigh na gnóthuithe i méid faoi níos mó ná 100% ó bhí 2007 ann, rud a fhágann go mbíonn sé deacair réamh-mheastacháin a dhéanamh. |
| Fáltais na gCuntas Díomhaoin | (175) | Fuarthas fáltais ar luach iomlán de €175,000 tar éis chur i gcrích phróiseas na meastachán forlíontach. Suas go Mí na Samhna ní bhfuarthas aon fháltais. Fuarthas gach fáltas do 2012 i Mí na Nollag 2012. |
| Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail) | (1,219) | Bhí an t-éileamh deiridh níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Déantar na héilimh seo a phróiseáil ar bhonn ráithiúil agus is gnách nach ndéantar an t-éileamh don ráithe deiridh a tharraingt anuas go dtí an bhliain ina dhiaidh sin. Socraíodh, áfach, go gcuirfí an t-éileamh san áireamh don ráithe deiridh ós rud é go ndearnadh é a tharraingt anuas i 2012, agus mar sin de, bhí na fáltais níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Fáltais ón gCiste Eorpach Domhandaithe | (5,104) | Fuarthas íocaíocht de €5 mhilliún i Mí na Nollag 2012. Bhíothas ag súil leis go bhfaighfí í seo i 2013. |
| Fáltais ón mBord Pinsean – Aoisliúntas Foirne | 489 | Bhí earráid le sonrú sa bhunsuim agus sa tsuim mheastacháin fhorlíontaigh d'aoisliúntas an Bhoird Phinsean. Ag baint úsáide as na meastacháin chearta, tá an toradh de réir ionchais. |
| Ilghnéitheach | 437 | Bhí na fáltais níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, go háirithe ó thaobh seiceanna cealaithe agus as dáta de. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Airgead coinsiasa | 9 | 14 |
| Costais finnéithe | 6 | 6 |
| Fíneálacha an Bhoird Pinsean | 74 | 34 |
| | 89 | 54 |

Chuimsigh fáltais bhreise de €1,093 suim de €906 i gcostais finné agus €187 i bhfáltais gan ainm a fuarthas i 2012 – íocadh iad seo don Státchiste i 2013.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha)[1] | 7,034 | 6,174 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 304,904 | 235,979 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 686 | 627 |
| Liúntais eile | 460 | 499 |
| Ragobair | 5,466 | 5,539 |
| ÁSPC an Fhostóra | 17,249 | 12,365 |
| **Pá iomlán** | **328,765** | **255,009** |

Cuimsíonn na figiúirí seo sonraí, de réir mar a bhíonn siad infheidhmithe, don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, don Bhord Pinsean agus d'Oifig Ombudsman do Phinsin, comhlachais atá faoi choimirce na Roinne.

[1] Ar 1 Eanáir 2012, mar chuid d'aistriú feidhmeanna ó Sheirbhísí Fostaíochta agus Pobail FÁS chuig an Roinn, aistríodh san iomlán 716 phost chuig an Roinn. I 2012 ba é líon na bpost a ath-imlonnaíodh nó a aistríodh (gan iarfhoireann FÁS a chur san áireamh) ná 181.63, rud a d'fhág líon iomlán de 897.63 post.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2012 | 2011 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 438 | 12 | 19,585 | 19,585 |
| Liúntais eile | 115 | 17 | 13,806 | 13,806 |
| Ragobair | 3,123 | 50 | 23,985 | 29,327 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

Íocadh íocaíochtaí Iomarcaíochta €96,987 le 28 ball foirne faoi na hachtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007.

# 6 Nithe Ilghnéitheacha

### 6.1 Aisghabháil ró-íocaíochtaí

Bhí staid achomair na ró-íocaíochtaí cúnaimh ar 31 Nollaig 2012 mar seo a leanas:

| | 2012<br>Toradh<br>€000 | 2011<br>Toradh<br>€000 |
|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí gan aisíoc ar 1 Eanáir | 252,807 | 231,503 |
| Glanmhéid na ró-íocaíochtaí a cláraíodh | 71,061 | 61,984 |
| | 323,868 | 293,487 |
| Lúide: | | |
| Suimeanna aisghafa[1] | (40,176) | (37,609) |
| Méideanna díscríofa mar mhéideanna do-aisghabhála | (3,078) | (3,071) |
| Ró-íocaíochtaí gan aisíoc ar 31 Nollaig | 280,614 | 252,807 |

[1] Cuimsíonn an méid a gnóthaíodh

- €21,476,182 i bhfáltais airgid thirim a eascraíonn mar thoradh ar ghnóthuithe airgid thirim ó éilitheoirí cúnaimh agus suimeanna a íoctar ón gCiste Árachais Shóisialaigh do Vóta 37 maidir le ró-íocaíochtaí a gnóthaíodh trí choinneáil siar íocaíochtaí sochair. Mínítear na suimeanna seo faoi leithghabhálacha i gcabhair.
- €18,700,035 a coinníodh siar ó theidlíochtaí cúnaimh, a mhínítear mar laghdú i gcaiteachas na scéime.

### 6.2 Cúiteamh agus Costais Dlí

Tá na costais dlí a íocadh i rith na bliana curtha i gcatagóirí mar seo a leanas:

| | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Táillí dlí | 236 | 1,121 |
| Costais chúitimh | 210 | 137 |
| | 446 | 1,258 |

Íocadh cúiteamh agus costais ghaolmhara dhlíthiúla agus ilghnéitheacha a raibh luach iomlán acu de €4,574 i dtrí chás éileamh díobhálacha pearsanta i dtaca le fostaithe. Bhí raon na n-íocaíochtaí idir €850 agus €2,536.

Rinneadh íocaíochtaí iomlána €61,138 maidir le costais dhlíthiúla, damáistí agus costais, ó €170 go €29,876, i naoi gcás maidir le díobháil phearsanta a tharla in áitribh na Roinne agus i gcásanna eile.

Íocadh íocaíochtaí iomlána de €211,991 i gcostais dhlíthiúla a raon i gceist leo de idir €6,150 agus €181,353 maidir le cúig chás a tógadh in aghaidh na Roinne. Bhain na cásanna le teidlíochtaí pinsin, leasú an chláir phósta (2 chás), clárú breithe agus riaráiste liúntais ar glao-dhualgais (bhain an cás deireanach acu seo le fostaí de chuid na Roinne).

Rinneadh íocaíochtaí ex gratia, íocaíochtaí caillteanais chumhachta ceannaigh agus costais dhlíthiúla a raibh luach iomlán ag baint leo de €167,915 agus raon i gceist leo idir €20 agus €50,760 i dtaca le Sochar Linbh, Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora, Liúntas Cuardaitheora Poist, Íocaíocht Bhunúsach an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh, Forlíonadh Cíosa, Liúntas Cúraim Bhaile agus Liúntas Filleadh ar an Oideachas.

**6.3 Tabhairt ar Aghaidh an Bhuiséid Riaracháin**

Mar a comhaontaíodh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi scéim an Bhuiséid Riaracháin, tá méid coigiltis tugtha ar aghaidh ó 2012 ar luach €1,900,000 (méid caipitil €1,050,000 agus neamhchaipitil €850,000) san áireamh sna Meastacháin le haghaidh 2013.

**6.4 Maoiniú ón AE**

Fuarthas iomlán €6,359,735 maidir leis an gCiste Eorpach Domhandaithe (CED) ón AE. Soláthraíonn an CED tacaíocht aonuaire de réir teorainn ama do dhaoine ar fud na hÉireann i gcomhlachtaí agus earnálacha áirithe a ndearnadh iomarcach iad mar thoradh ar dhomhandú.

Fuarthas méid €222,800 ón AE maidir le Plean Gníomhaíochta EURES, a chuimsíonn an tréimhse ó 1 Meitheamh 2012 go dtí 31 Bealtaine 2013. Eagraíonn an Coimisiún Eorpach EURES go lárnach chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú ar fud an AE agus an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch.

Fuarthas maoiniú €34,944 ón AE mar an méid deiridh a bhí dlite maidir leis an mBliain Eorpach um Dhul i nGleic le Bochtaineacht agus Eisiamh Sóisialta 2010. Bhí an maoiniú seo leithdháilte le tacú le cur i bhfeidhm agus soláthar Chlár Náisiúnta Gníomhaíochtaí na hÉireann i rith na bliana. Tharla ceithre chás inar féidir go raibh i gceist mí-leithghabháil airgid phoiblí ag fostaithe le luach reatha measta de €1,279,290. Bhain an tréimhse inar féidir gur tharla na cásanna mí-leithghabhála leis an mbliain 2003 i gcás amháin go 2011 i gcás eile.

**6.5 Mí-leithghabháil Fhéideartha**

Tharla ceithre chás inar féidir go raibh i gceist mí-leithghabháil airgid phoiblí ag fostaithe le luach reatha measta de €1,279,290. Bhain an tréimhse inar féidir gur tharla na cásanna mí-leithghabhála leis an mbliain 2003 i gcás amháin go 2011 i gcás eile.